# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Matamaitic

# Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2024

# Matamaitic

## Bonnleibhéal

## Scéim Marcála

300 marc

## Struchtúr na scéime marcála

Marcálfar freagraí ó iarrthóirí de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagartha a bhfuiltear ag súil leo.  Roinneann scálaí lipéadaithe A freagraí iarrthóirí ina dhá chatagóir (ceart agus mícheart). Roinneann scálaí lipéadaithe B freagraí iarrthóirí ina dtrí chatagóir (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart). agus a leithéid.  Déantar achoimre sa tábla seo ar na scálaí agus ar na marcanna a ghineann siad:

| Lipéad an scála | B | C | D |
|---|---|---|---|
| Líon na gcatagóirí | 3 | 4 | 5 |
| Scála 5 mharc | 0, 3, 5 | 0, 2, 3, 5 | 0, 2, 3, 4, 5 |
| Scála 10-mharc | 0, 4, 10 | 0, 3, 5, 10 | 0, 3, 5, 7, 10 |
| Scála 15-mharc | 0, 5, 15 | 0, 5, 7, 15 | 0, 3, 5, 7, 15 |
| Scála 20-mharc | | | 0, 6, 8, 10, 20 |

Tugtar tuairisceoir ginearálta ar gach pointe ar gach scála thíos.  Tugtar treoracha níos sonraí sa scéim maidir le ciall a bhaint as na scálaí i gcomhthéacs gach ceist, de réir mar is gá.

**Scálaí marcála – tuairiscín leibhéil**

**Scálaí-B (trí chatagóir)**
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

**Scálaí-C (ceithre chatagóir)**
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra le roinnt fiúntais (páirtchreidiúint íseal)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

**Scálaí-D (cúig chatagóir)**
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra le roinnt fiúntais (páirtchreidiúint íseal)
- freagra thart ar leath-cheart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

I gcásanna áirithe, lena bhfuil slánú mícheart, aonad in easnamh, míléamh nach ndéanann róshimpliú ar an obair, nó earráid uimhríochta nach ndéanann róshimpliú ar an obair déanta, is féidir marc atá marc amháin níos lú ná an marc creidiúint iomlán a thabhairt. Léirítear na cásanna seo le * agus tugtar *Creidiúint Iomlán -1* ar an leibhéal creidiúna seo. Dá bhrí sin, mar shampla, i Scála 10C, féadfar *Creidiúint Iomlán -1* de 9 marc a thabhairt.

Is iad na marcanna ar an scála thíos, nó na cinn i *gCreidiúint Iomlán -1* na cinn a fhéadfar a thabhairt ar cheist.

Cuirfear pionóis slánaithe i bhfeidhm gach uair a tharlaíonn sé sa scéim. Ní chuirtear aon phionós i bhfeidhm má shonraítear sa cheist an t-aonad atá le húsáid sa fhreagra, agus go ginearálta ní bhíonn aon phionós ag dul le haghaidh siombaile euro a fhágtar ar lár i gceisteanna a bhfuil airgead ag baint leo.

Go ginearálta, glac le hobair an iarrthóra i bpáirt amháin de cheist le húsáid i bpáirteanna dá éis den cheist, ach amháin má dhéanann seo róshimpliú den obair atá i gceist.

Mura sonraítear a mhalairt, ní bhronntar de ghnáth ar fhreagra nach bhfuil a dhóthain obair thacaíochta ag gabháil leis ach an leibhéal creidmheasa neamhnialasach is lú (*Páirtchreidiúint* go hiondúil nó *Páirtchreidiúint Íseal*, de réir mar is cuí).

## Achoimre ar leithdháileadh marcanna agus na scálaí atá le cur i bhfeidhm.

| Roinn A (210)<br>Freagair seacht gceist ar bith | | Roinn B(90)<br>Freagair dhá cheist ar bith. |
|---|---|---|
| **Question 1 (30)**<br>(a)(i)(ii) 15D<br>(b)(i)(ii) 15D<br><br>**Question 2 (30)**<br>(a)(i) 10C<br>(a)(ii) 5B<br>(b)(i)(ii) 15D<br><br>**Question 3 (30)**<br>(a) 5B<br>(b)(i)(ii) 15D<br>(b)(iii) 5B<br>(b)(iv) 5B<br><br>**Question 4 (30)**<br>(a)(i)(ii) 10D<br>(b)(i)(ii) 5D<br>(c) 15B | **Question 5 (30)**<br>(a)(i) 10C<br>(a)(ii)(iii) 10D<br>(a)(iv) 5C<br>(b) 5B<br><br>**Question 6 (30)**<br>(a) 10C<br>(b)(i) 5B<br>(b)(ii) 10C<br>(b)(iii) 5B<br><br>**Question 7 (30)**<br>(a) 5B<br>(b) 15C<br>(c) 10B<br><br>**Question 8 (30)**<br>(a)(i)(ii)(iii) 20D<br>(b) 10C | **Question 9 (45)**<br>(a)(i) 5C<br>(a)(ii) 5C<br>(b)(i)(ii) 15D<br>(c) 10B<br>(d) 5C<br>(e) 5C<br><br>**Question 10 (45)**<br>(a)(i)(ii)(iii) 15D<br>(b)(i)(ii) 20D<br>(c)(i)(ii) 10D<br><br>**Question 11 (45)**<br>(a)(i)(ii)(iii) 15D<br>(b) 5C<br>(c)(i)(ii) 5D<br>(d)(i)(ii)(iii) 20D |

## Pailéad na nótaí atá ar fáil do scrúdaitheoirí

| Siombail | Ainm | An chiall i gcorp na hoibre | An chiall nuair a úsáidtear ar an imeall deis |
|---|---|---|---|
| ✔ | Cuir tic | Obair atá bainteach | Tuilleann an obair i gcorp na scripte creidiúint iomlán |
| ✘ | Cros | Obair mhícheart (saor ó earráid) | Tuileann an obair i gcorp na scripte creidiúint 0 |
| [ * ] | Réalta | Earráid Shlánaithe / Aonaid / Uimhríochta Míléamh | |
| [〰] | Corrach cothrománach | Earráid | |
| **P** | | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint |
| **D** | | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint íseal |
| **Lu** | | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint mheánach |
| **D** | | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint ard |
| [F*] | Réalta F | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte Creidiúint Iomlán (– 1) |
| [ | Lúibín ar chlé | | Tá leagan eile den réiteach seo léirithe in áit eile agus tuilleann sé creidiúint chéanna nó creidiúint níos airde. |
| [⌇] | Corrach ceartingearach | Níl aon obair ar an leathanach seo (ná ar chuid den leathanach seo) | |
| [ O ] | Róshimpliú | Rinne an t-iarrthóir róshimpliú ar an obair | |
| **OLGF** | Obair lena nGabhann Fiúntas | Rud ar bith ceart ach amháin **Obair lena nGabhann Fiúntas** laistigh de chorp na hoibre | |

**Nóta:** Sa chás go gcuirtear saothar substainte i láthair i gcorp na scripte, ba cheart go léireodh an nóta mínithe ar an imeall deas teaglaim de na nótaí sa saothar

Maidir le **scála C**, más amhlaidh go bhfuil [〰] agus [〰] chomh maith le sonrú i gcorp na scripte, ba cheart an La chur san imeall deas ansin.

Maidir le **Scála D**, más amhlaidh go bhfuil na nótaí mínithe céanna ag gabháil leis, ba cheart an **M** a chur san imeall deas.

Uaireanta úsáidtear ✔ i gcorp na hoibre mar léiriú go bhfuil fiúntas ag baint le cuid den obair agus go bhfuil ceann de na leibhéil chreidiúna a ndéantar cur síos orthu sa scéim marcála tuillte aici dá bharr. Léirítear an leibhéal creidiúna san imeall ar dheis.


# Nótaí marcála mionsonraithe

## Réitigh Shamplacha & Nótaí Marcála


**Nóta:** Ní cheaptar go mbeidh na réitigh samplacha do gach ceist uileghabhálach- is féidir réitigh chearta eile a bheith ann. Ba chóir do Scrúdaitheoir ar bith nach bhfuil cinnte faoin mbailíocht modha atá déanta ag iarrthóir áirithe le ceist áirithe teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.


| **C1** | **Réiteach Samplach – 30 Marc** | **Nótaí Marcála** |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)**<br>**(ii)** | **(i)**<br>$14 \cdot 50 \times 10 = 145$<br><br>**(ii)**<br>$65 \times 2 = 130$<br>$145 - 130 = [€]15$ | **Scála 15D (0, 3, 5, 7, 15)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)**, mar shampla, suimiú nó iolrú lena mbaineann 14.50<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(ii)**, mar shampla, iolrú faoi 2<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(b)**<br>**(i)**<br>**(ii)** | **(i)**<br>$\frac{40}{80}$<br>$= 0 \cdot 5$ uair nó 30 nóiméad<br><br>**(ii)**<br>$\frac{190}{2}$<br>$= 95$ [km/uair] | **Scála 15D (0, 3, 5, 7, 15)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)** nó **(ii)**, mar shampla, foirmle ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |

<table>
<tr><th>C2</th><th>Réiteach Samplach – 30 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)<br><br>(i)</td><td><table><tr><td>BH</td><td>BT</td></tr><tr><td>YH</td><td>YT</td></tr><tr><td>RH</td><td>RT</td></tr><tr><td>PH</td><td>PT</td></tr></table></td><td>Scála 10C (0, 3, 5, 10)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal<br>• 1 go 3 thoradh ceart<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• 4 go 5 thoradh ceart</td></tr>
<tr><td>(a)<br>(ii)</td><td>$\frac{1}{8}$ nó $0 \cdot 125$ nó $12 \cdot 5[\%]$</td><td>Scála 5B (0, 3, 5)<br><br>Páirtchreidiúint:<br>• Líon na dtorthaí fabhracha ceart<br>• Líon iomlán na dtorthaí fabhracha ceart</td></tr>
<tr><td>(b)<br>(i)<br>(ii)</td><td>(i)<br>$360 - (180 + 54 + 48) = 78°$<br><br>$[360 - 282 = 78°]$<br><br>(ii)<br><br>$\frac{48}{180} \times 30 = 8$<br>NÓ<br>$180 \div 30 = 6$<br>$48 \div 6 = 8$<br><br>NÓ<br>$60 \times \frac{48}{360} = 8$</td><td>Scála 15D (0, 3, 5, 7, 15)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (i), mar shampla, scríobhtar 360° nó aon iarracht ar na huilleannacha tugadh a chur leis<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (i), mar shampla, 60 scríofa<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
</table>


<table>
<tr><th>C3</th><th>Réiteach Samplach – 30 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>$[€]34\ 000$</td><td>Scála 5B (0, 3, 5)<br><br>Páirtchreidiúint:<br>• Comhartha ábhartha ar an ngraf</td></tr>
<tr><td>(b)<br>(i)<br>(ii)</td><td>(i)
<table>
<tr><td>$t$</td><td>0</td><td>1</td><td>2</td><td>3</td><td>4</td><td>5</td><td>6</td></tr>
<tr><td>V</td><td>24</td><td>25</td><td>26</td><td>27</td><td>28</td><td>29</td><td>30</td></tr>
</table>
(ii)<br>

</td><td>Scála 15D (0, 3, 5, 7, 15)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (i), mar shampla, 1 iontráil amháin ceart ar an tábla<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (ii), mar shampla, 1 phointe amháin curtha ar an ngraf i gceart $(t \neq 4)$<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile.</td></tr>
<tr><td>(b)<br>(iii)</td><td>$t = 4$ [bhliain]</td><td>Scála 5B (0, 3, 5)<br><br>Páirtchreidiúint:<br>• Comhartha ábhartha ar an ngraf<br>• 28000<br><br>Creidiúint Iomlán -1:<br>• 2022<br>• Obair in easnamh ar an ngraf</td></tr>
<tr><td>(b)<br>(iv)</td><td>$V = 24 + t$<br><br>Is ionann 24 agus an luach ag $t = 0$ agus tagann ardú $€1000$ ar an luach gach bliain<br><br>NÓ<br><br>Léirítear go n-oibríonn an fhoirmle i gcás 2 luach<br><br>NÓ<br><br>Cúis bhailí eile</td><td>Scála 5B (0, 3, 5)<br><br>Páirtchreidiúint:<br>• Freagra ceart gan aon chúis nó cúis mhícheart<br>• Freagra mícheart le hobair lena ngabhann fiúntas leis an gcúis a tugadh</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>C4</th><th>Réiteach Samplach – 30 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)<br>(i)<br>(ii)</td><td>(i)<br>$\frac{6}{11}$<br>(ii)<br>$11 - (3 + 2) = 6$</td><td>Scála 10D (0, 3, 5, 7, 10)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal<ul><li>Obair lena ngabhann fiúntas in (i), mar shampla, líon ceart de thorthaí iomlána nó de thorthaí fabhracha</li><li>Obair lena ngabhann fiúntas in (ii), mar shampla, suimiú nó dealú ábhartha</li></ul>Páirtchreidiúint Mheánach:<ul><li>Cuid amháin ceart</li><li>Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt</li></ul>Páirtchreidiúint Ard:<ul><li>Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</li></ul></td></tr>
<tr><td>(b)<br>(i)<br>(ii)</td><td>(i)<br>17<br>(ii)<br>$\frac{15 + 16 + 17 + 14 + 17 + 17}{6}$<br>$\frac{96}{6} = 16$</td><td>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal<ul><li>Obair lena ngabhann fiúntas in (i), mar shampla, tagairt don luach is coitianta</li><li>Obair lena ngabhann fiúntas in (ii), mar shampla, suimiú ábhartha nó 6 scríofa</li></ul>Páirtchreidiúint Mheánach:<ul><li>Cuid amháin ceart</li><li>Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt</li><li>Mód agus meán i gceart agus malartaithe gan aon obair ábhartha</li></ul>Páirtchreidiúint Ard:<ul><li>Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</li><li>Mód agus meán i gceart agus malartaithe le roinnt obair ábhartha</li></ul></td></tr>
<tr><td>(c)</td><td>Mícheart<br><br>Níl na huimhreacha rangaithe<br><br>NÓ<br><br>Is ionann an t-airmheán agus 16</td><td>Scála 15B (0, 5, 15)<br><br>Páirtchreidiúint:<ul><li>Freagra ceart le cúis neamh-bhailí nó gan aon chúis</li><li>Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, tagairt déanta don uimhir láir</li></ul></td></tr>
</table>

| C5 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)** |  | **Scála 10C (0, 3, 5, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Eatramh amháin ceart léirithe ar an ngraf<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá nó trí eatramh cearta léirithe ar an ngraf |
| **(a)**<br>**(ii)**<br>**(iii)** | **(ii)**<br>$12 + 16 + 14 + 20 + 18 = 80$<br><br>**(iii)**<br>$12 + 16 = 28$ | **Scála 10D (0, 3, 5, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)**, mar shampla, suimiú ábhartha<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(ii)**, mar shampla, suimiú ábhartha nó 12 nó 16 scríofa<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(a)**<br>**(iv)** | $\frac{20 + 18}{80} \times 100 = 47 \cdot 5\%$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• 20+18<br>• 80 úsáidte<br>• Roinnt obair cheart le céatadáin<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• 0.475<br>• $\frac{20+18}{80} \times 100$ agus stopann sé |
| **(b)** | $7{:}30 + 1{:}45 = 9{:}15$ [pm] | **Scála 5B (0, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Aon iarracht ar amanna ábhartha a shuimiú |

| C6 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)** | $4 \times 2 \cdot 8 = 11 \cdot 2$ [m²] | **Scála 10C (0, 3, 5, 10)**<br>Glac le freagra ceart gan aonaid<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Foirmle cheart scríofa<br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• $4 \times 2 \cdot 8$ agus stopann sé |
| **(b) (i)** | $A = (14, 2)$ | **Scála 5B (0, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• 14 nó 2 scríofa<br>*Creidiúint Iomlán -1:*<br>• Freagra tugtha mar (2, 14) |
| **(b) (ii)** | <br>Nó staid cosúil leis sin | **Scála 10C (0, 3, 5, 10)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Iarracht ar aon dhronuilleog a tharraingt<br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dronuilleog tógtha le dhá shlios cearta, is é sin, 5 aonad nó 10 n-aonad |
| **(b) (iii)** | $6$ aonad $= 120$ [cm] | **Scála 5B (0, 3, 5)**<br>Glac le freagra ceart gan aonaid<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Léirítear iolrú faoi 20 |

<table>
<tr><th>C7</th><th>Réiteach Samplach – 30 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>$4 \times 3 \times 2 = 24$</td><td>Scála 5B (0, 3, 5)<br><br>Páirtchreidiúint:<br>• Iolraítear 2 fhigiúr ábhartha<br>• Scríobhtar mar theaglaim fhéideartha</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td>$\frac{4}{3}\pi(3 \cdot 5)^3$<br><br>$= 179 \cdot 594 \ldots$<br><br>$= 180$ [cm$^3$]</td><td>Scála 15C (0, 5, 7, 15)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla $\frac{4}{3}\pi r^3$<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Ionadú i gceart go hiomlán san fhoirmle<br><br>Creidiúint Iomlán -1<br>• Cuir * isteach mura bhfuil slánú ar bith, nó slánú mícheart ann</td></tr>
<tr><td>(c)</td><td><table>
<tr><td>Siméadracht aiseach san $x$ - ais</td><td>Y</td></tr>
<tr><td>Rothlú 90° timpeall an phointe $(0, 0)$</td><td>Z</td></tr>
<tr><td>Siméadracht lárnach tríd an bpointe $(0, 0)$</td><td>X</td></tr>
</table></td><td>Scála 10B (0, 4, 10)<br><br>Páirtchreidiúint:<br>• Iontráil amháin nó dhá iontráil i gceart</td></tr>
</table>

| C8 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)**<br>**(ii)**<br>**(iii)** | **(i)**<br>$\lvert BC \rvert = 6$ [cm]<br>$\lvert EF \rvert = 3$ [cm]<br>**(ii)**<br>$6 \div 3 = 2$<br>**(iii)**<br> | **Scála 20D (0, 6, 8, 10, 20)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in aon pháirt **amháin**, mar shampla, fad amháin ceart in **(i)** nó$3 \div 6$ in **(ii)**, nó líne ábhartha tógtha in **(iii)**<br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in dhá chuid **amháin**<br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá chuid chearta<br>• Obair lena ngabhann fiúntas i dtrí chuid<br>*Creidiúint Iomlán -1:*<br>• Fachtóir scála tugtha mar $\frac{1}{2}$ nó a leithéid |
| **(b)** | $\frac{1}{2}(6) \times 4 = 12$ cm$^2$ | **Scála 10C (0, 3, 5, 10)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Foirmle i Gceart<br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Foirmle cheart ionadaithe ina hiomláine<br>• $\mathbf{6 \times 4 = 24}$<br>*Creidiúint Iomlán -1*<br>• Cuir * i bhfeidhm sa chás nach n-úsáidtear aonad ar bith |

| C9 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)** | $2(54+72)=252$ [cm] | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Léiriú ar bith de ní ábhartha curtha leis<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• $54+72=126$ |
| **(a)**<br>**(ii)** | $h^2=54^2+72^2$<br>$h^2=8100$<br>$h=90$ [cm] | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Foirmle i Gceart<br>• Ionadú ceart ar bith san fhoirmle<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ionadú i gceart go hiomlán san fhoirmle |
| **(b)**<br>**(i)**<br>**(ii)** | **(i)**<br>45 [cm]<br>**(ii)**<br>$\pi(45)^2=6361.725\ldots$<br>$=6362$ [cm²] | **Scála 15D (0, 3, 5, 7, 15)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)**, mar shampla, roinnt faoi 2<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(ii)**, mar shampla, foirmle ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(c)** | $20\div1.07=18.691\ldots=$ [€]$18.69$ | **Scála 10B (0, 4, 10)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• $\mathbf{20\times1.07}$ |

| C9 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(d)** | $\frac{1}{8} + 15.3\% + 0 \cdot 162 = 44[\%]$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, coinbhéartú ceart amháin nó léirítear suimiú dhá uimhir ábhartha<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Gach ceann de na trí uimhir scríofa mar chodáin, mar dheachúlacha nó mar chéatadáin<br>*Creidiúint Iomlán -1:*<br>• Freagraí tugtha mar $0.44$ nó $\frac{11}{25}$ |
| **(e)** | $24 \times 6 = 144$<br>$500 \div 144 = 3 \cdot 47 \ldots$<br>$= 3 \cdot 5$ [uaire]<br>**NÓ**<br>$500 \div 24 = 20 \cdot 8\dot{3}$<br>$20 \cdot 8\dot{3} \div 6 = 3 \cdot 47 \ldots$<br>$= 3 \cdot 5$ [uaire] | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Iolrú ábhartha nó roinnt ábhartha léirithe<br>• Cóimheas nua amháin, mar shampla, 144 in uair amháin nó 2.4 in 1 nóiméad amháin<br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá chóimheas nua ábhartha nó níos mó<br>• $20 \cdot 8\dot{3}$<br>*Creidiúint Iomlán -1:*<br>• Bain úsáid as * i gcás freagra nach bhfuil ina uaireanta, nó i gcás slánú mícheart, mar shampla 208 nóiméad nó a leithéid |

<table>
<tr><th>C10</th><th>Réiteach Samplach – 45 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)<br>(i)<br>(ii)<br>(iii)</td><td>(i)<br>$$14 \times 8 = [€]112$$<br>(ii)<br>$$14 \times 1 \cdot 5 = [€]21$$<br>(iii)<br>$$(4 \times 112) + (6 \times 21) = [€]574$$</td><td>Scála 15D (0, 3, 5, 7, 15)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal<br>• Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla, roinnt suimiú nó iolrú ábhartha in (i), (ii) nó (iii)<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in dhá chuid amháin<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Dhá chuid chearta<br>• Obair lena ngabhann fiúntas i dtrí chuid</td></tr>
<tr><td>(b)<br>(i)<br>(ii)</td><td>(i)<br>Cáin Chomhlán:<br>$609 \times 0 \cdot 2 = 121.80$<br>(ii)<br>Cáin Ghlan: $121.80 - 68.27 = 53.53$<br>Pá Glan: $609 - 53.53 = [€]555.47$</td><td>Scála 20D (0, 6, 8, 10, 20)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (i), mar shampla, 0.2<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (ii), mar shampla, roinnt suimiú nó dealú ábhartha<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
</table>

| C10 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(c)**<br><br>**(i)**<br><br>**(ii)** | **(i)**<br><br>$$11 + 19 + 6 = [€]36$$<br><br>**(ii)**<br><br>$$36 \times 0 \cdot 15 = [€]5.40$$ | **Scála 10D (0, 3, 5, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)**, mar shampla, roinnt suimiú ábhartha<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(ii)**, mar shampla, 0.15<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |

| C11 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br><br>**(i)**<br><br>**(ii)**<br><br>**(iii)** | **(i)**<br>$1, 2, 3, 6$<br>**(ii)**<br>$27, 54$<br>**(iii)**<br>$6859$ | **Scála 15D (0, 3, 5, 7, 15)**<br>Nóta: **Glac le 54 agus 81** mar fhreagra ceart in **(ii)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas i bpáirt **amháin**, mar shampla, fachtóir ceart amháin in **(i)**, iolraí ceart amháin in **(ii)**, nó 19 x 19 scríofa in **(iii)**<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in dhá chuid **amháin**<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá chuid chearta<br>• Obair lena ngabhann fiúntas i dtrí chuid |
| **(b)** | $17 - (-19) = 36$<br>$36 \div 9 = 4$ [uaire]<br>**NÓ**<br>$17 - 9 = 8$<br>$8 - 9 = -1$<br>$-1 - 9 = -10$<br>$-10 - 9 = -19$<br>= 4 [uair a chloig] | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, iolraí éigin de −9 nó aon iarracht ar 9 a dhealú ó 17 nó 9 a shuimiú le −19<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Aimsítear an difear teochta de 36<br>• Dealaítear 9 ó 17 arís agus arís nó suimítear 9 le −19 |

<table>
<tr><th>C11</th><th>Réiteach Samplach – 45 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr>
<td>(c)<br>(i)<br>(ii)</td>
<td>(i)<br>$$2G + 5B$$<br>(ii)<br>Aaron<br>Aaron: $3(7) + 2(2) = 25$<br>Tomás: $2(7) + 5(2) = 24$</td>
<td>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (i), mar shampla, 2G nó 5B amháin<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (ii), mar shampla, roinnt suimiú nó iolrú ábhartha<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td>
</tr>
<tr>
<td>(d)<br>(i)<br>(ii)<br>(iii)</td>
<td>(i)<br><table><tr><td>Urchomhaireach</td><td>4</td></tr><tr><td>Cóngarach</td><td>16</td></tr></table>(ii)<br>$$\tan X = \frac{4}{16}$$<br>(iii)<br>$X = \tan^{-1}\left(\frac{4}{16}\right) = 14.036 \ldots. = 14[°]$</td>
<td>Scála 20D (0, 6, 8, 10, 20)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal<br>• Obair lena ngabhann fiúntas i bpáirt amháin, mar shampla, 4 nó 16 i gceart in (i), $\tan^{-1}$ scríofa in (iii)<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in dhá chuid amháin<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Dhá chuid chearta</td>
</tr>
</table>

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 300 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 11 |
| 227 - 233 | 10 |
| 234 - 240 | 9 |
| 241 - 246 | 8 |
| 247 - 253 | 7 |
| 254 - 260 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 261 - 266 | 5 |
| 267 - 273 | 4 |
| 274 - 280 | 3 |
| 281 - 286 | 2 |
| 287 - 293 | 1 |
| 294 - 300 | 0 |